Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2026 (OR. en)**

**9733/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0287 (NLE)**

**PECHE 200**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032)<br>- Glacadh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle an 23 Meán Fómhair 2025[1], agus é d'aidhm aige go ndéanfaí an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

2. An 17 Samhain, ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail. D'aontaigh sí an dréachtchinneadh maidir leis an bprótacal a thabhairt i gcrích (13158/25), mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil ina leith.

3. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú ina leith an 20 Bealtaine 2026.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá bhrí sin a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:
   - an Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, mar a leagtar amach in 13158/25 + COR 1 é, a ghlacadh;
   - an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a thabhairt dá haire.

[1] 13145/25 + ADD 1.

5. Seolfar an Cinneadh ón gComhairle chuig Parlaimint na hEorpa, a chuirfear ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.